**RABHADH**

**Caithfear an Ceistpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabha(i)r ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo ⇒**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2009

**DÉ CÉADAOIN, 17 MEITHEAMH, MAIDIN 9.30 – 12.00**

# EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA – ARDLEIBHÉAL

**(320 marc)**

Freagair **cúig cheist déag** as Cuid I agus **ceithre** cheist as Cuid II. Níor cheart duit níos mó ná uair an chloig a chaitheamh le Cuid I.

## CUID I (120 marc)

Freagair **cúig cheist déag**.
Scríobh na freagraí sna spasanna cuí.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc.

## CUID II (200 marc)

Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (50 marc).
**Ná scríobh** freagraí Chuid II ar an gceistpháipéar seo.

**NÁ DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN/NA (bh)FREAGARLEABHA(I)R A ÚSÁIDEADH CHUN NA CEISTEANNA I gCUID II A FHREAGAIRT.**

# CUID I (120 marc)

Freagair **cúig cheist déag**.
Scríobh na freagraí sna spásanna cuí.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc.

**1.** Is í an idirghníomhaíocht idir ____________________ agus ____________________ ar an margadh tosca agus ar an margadh _____________ a dhéanann praghsanna a chinneadh i gcóras geilleagrach.

**2.** Luaigh **dhá** bhuntáiste don fheirmeoir a bhaineann le conraitheoirí talmhaíochta a úsáid ar a f(h)eirm.

(i) ________________________________________________

(ii) ________________________________________________

**3.** Is ón earnáil talmhaíochta agus bhia in Éirinn faoi láthair a thagann thart ar ________ % den OTI, _______ % den fhostaíocht agus _______ % de na honnmhairí.

**4.** Déan sainmhíniú ar 'Ollfhoirmiú Caipitil' i gcás na feirmeoireachta. ______________________________

________________________________________________

**5.** Níl ag feirmeoirí ach páirt mhionlaigh sa slabhra táirgeachta bia. **Fíor** **Bréagach**
Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart agus mínigh do fhreagra go hachomair.

________________________________________________

________________________________________________

**6.** Luaigh **dhá** shampla de gach ceann de na hionchuir seo a leanas:

(i) Ionchuir tosca: (a) ______________________ (b) ______________________

(ii) Ionchuir idirmheánacha: (a) ______________________ (b) ______________________

**7.** Bíonn an claonadh i bpraghsanna na talmhaíochta a bheith an-luaineach le himeacht ama. Tabhair breac-chuntas ar dhá impleacht dhiúltacha a bhaineann leis sin do phleanáil airgeadas feirme.

(i) ________________________________________________

(ii) ________________________________________________

**8.** Mínigh an téarma 'modhnú'. ______________________________________

________________________________________________

**9.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí a bhfuil sé ag gabháil i bhfeidhm ar an talmhaíocht in Éirinn an Scéim Luathscoir a bheith ar fionraí ón mbliain 2008.

(i) ________________________________________________

(ii) ________________________________________________

**10.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí a dtéann an tséasúracht i dtáirgeadh bainne in Éirinn i bhfeidhm ar na próiseálaithe.

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

**11.** Tá na 'Téarmaí Trádála' d'fheirmeoirí caorach in Éirinn ag dul in olcas le blianta beaga. Mínigh an ráiteas seo. ______________________________

______________________________

**12.** I gcuntasaíocht feirme is ionann aschur agus na díolacháin iomlána lúide na ceannacháin, móide nó lúide

______________________________, móide ______________________________ .

**13.** Tá dualgas dlí ar fheirmeoirí Ráiteas Sábháilteachta Feirme a ullmhú. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le Ráiteas Sábháilteachta Feirme a ullmhú:

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

**14.** Mínigh an ráiteas seo a leanas: 'D'fhéadfadh plean féideartha gan a bheith brabúsach'.

______________________________

______________________________

**15.** Liostaigh **dhá** thoisc a chuireann isteach ar an ráta úis i margaí caipitil.

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

**16.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le foraoisí a phlandú i dtalamh talmhaíochta.

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

**17.** Mínigh an téarma **Breisluach** maidir le bainne in Éirinn. ______________________________

______________________________

**18.** Abair cén fáth go mb'fhéidir ar fearr an trádchosaint ná an tsaorthrádáil i gcás na hearnála talmhaíochta.

______________________________

**19.** Mínigh **Dlí an Toraidh Laghdaithigh** agus tú ag úsáid sampla ón talmhaíocht. ______________________________

______________________________

**20.** Mínigh an téarma 'aisíocaíochtaí onnmhairíochta'. ______________________________

______________________________

**Ná dearmad an cheistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na (bh)freagarleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i gCuid II a fhreagairt.**

## Cuid II (200 marc)

Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (50 Marc).
**Ná scríobh** freagraí Chuid II ar an gceistpháipéar seo.


**1.** **(a)** Cuireann tréithe áirithe de chuid na feirmeoireachta in Éirinn teorainn le feabhsú ar éifeachtacht na margaíochta talmhaíochta.
Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** cinn de na tréithe sin agus mínigh conas a chuireann siad teorainn le héifeachtacht margaíochta.

**(b)** Agus úsáid á baint agat as samplaí ón talmhaíocht, mínigh an chaoi a bhféadfadh feirmeoirí an praghas a fhaigheann siad ar a dtáirgí a mhéadú.

**(c)** Pléigh na hiarmhairtí eacnamaíocha a bhaineann le laghdú ar luach steirling (£) i gcóimheas leis an euro (€) d'fheirmeoir Éireannach a onnmhairíonn a chuid táirgí go dtí margadh na Ríochta Aontaithe.

**[50 marc]**

**2.** Léiríonn an léaráid thíos an t-éileamh atá ar thalamh agus an soláthar talún atá ann.



**(a)** Déan cóip den léaráid i do fhreagarleabhar. Lipéadaigh na haiseanna agus na cuair sholáthair agus éilimh, agus taispeáin praghas cothromaíochta na talún.

**(b)** (i) Is 'éileamh díorthaithe' é an t-éileamh ar thalamh. Mínigh an ráiteas seo.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar na tosca a imríonn tionchar ar phraghas na talún.

**(c)** Má tá feirmeoir ag smaoineamh ar 20 acra de thalamh talmhaíochta a cheannach, tabhair breac-chuntas ar cheithre thoisc a imreoidh tionchar ar a c(h)inneadh an talamh a cheannach.

**(d)** Thit praghsanna na talún talmhaíochta in Éirinn go suntasach le míonna beaga. Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chúis a bhí leis an titim sin.

**[50 marc]**

**3.** Déan idirdhealú idir na míreanna i ngach ceann de na péirí seo a leanas, agus tú ag tagairt do thalmhaíocht na hÉireann:

**(a)** Glanfhiúchas agus Glanluach Láithreach;

**(b)** Costas Imeallach agus Costas Barúlach;

**(c)** Éileamh Praghasleaisteach agus Éileamh Praghas-Neamhleaisteach;

**(d)** Imeascadh Ingearach agus Imeascadh Cothrománach.

**[50 marc]**

**4.** **(a)** Mínigh an coincheap 'feidhm tháirgeachta' i dtaca le talmhaíocht na hÉireann de.

**(b)** Mínigh na critéir a bheadh mar threoir d'fheirmeoirí agus cinntí faoin táirgeacht á ndéanamh acu.

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar ról Theagasc maidir le feabhsuithe ar fheidhmeanna táirgeachta sa talmhaíocht.

**[50 marc]**

**5.** **(a)** Tabhair breac-chuntas ar na slite a bhféadfadh méadú an AE dul i bhfeidhm ar thalmhaíocht na hÉireann.

**(b)** Agus tú ag baint úsáide as sampla de thalmhaíocht na hÉireann, mínigh an téarma 'Treoir AE'.

**(c)** Pléigh tábhacht an traschomhaill (tras-chomhlíonadh) i dtaca le talmhaíocht na hÉireann de.

**[50 marc]**

**6.** Tá na mionsonraí as buiséad sreabhadh airgid d'fheirmeoir déiríochta thugtha thíos:

**Buiséad Ráithiúil Sreabhadh Airgid na bliana 2010**

| | **Ean-Már** | **Aib-Meith** | **Iúil-M. Fómh** | **D. Fómh-Noll** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| **Fáltais** | | | | | |
| Bainne | 14,000 | 29,000 | 33,000 | 10,000 | 86,000 |
| Díolacháin laonna | 4,000 | | | | 4,000 |
| Ba dealaithe | | | 7,000 | | 7,000 |
| Íocaíocht Aonair Feirme | | | | 29,000 | 29,000 |
| SCCT (REPS) | 11,000 | | | | 11,000 |
| | | | | | |
| ***A. Iomlán na bhFáltas*** | **29,000** | **29,000** | **40,000** | **39,000** | **137,000** |
| | | | | | |
| **Íocaíochtaí** | | | | | |
| Beathú | 6,000 | | | | 6,000 |
| Leasachán | 2,500 | | | | 2,500 |
| Saothar | 4,800 | 4,800 | 4,800 | 4,800 | 19,200 |
| Ceannacháin Bheostoic | 20,000 | | 15,000 | | 35,000 |
| Draenáil | | 6,000 | | | 6,000 |
| Conraitheoir | | | | 5,000 | 5,000 |
| Aisíocaíochtaí ar Iasacht | | | | 22,000 | 22,000 |
| Costais tí | 8,000 | 10,000 | 11,000 | 11,000 | 40,000 |
| | | | | | |
| ***B. Iomlán na nÍocaíochtaí*** | **41,300** | **20,800** | **30,800** | **42,800** | **135,700** |
| | | | | | |
| *Iarmhéid Glan (A – B)* | –12,300 | 8,200 | 9,200 | –3,800 | 1,300 |
| *Iarmhéid Tosaigh* | 1,700 | –10,600 | –2,400 | 6,800 | 1,700 |
| *Iarmhéid Deiridh* | –10,600 | –2,400 | 6,800 | 3,000 | 3,000 |

**(a)** Luaigh **dhá** chúis ar chóir d'fheirmeoir déiríochta buiséad sreabhadh airgid a ullmhú.

**(b)** (i) Tabhair breac-chuntas ar na himpleachtaí airgeadais don fheirmeoir a bhaineann leis an iarmhéid
glan i ngach ráithe.

(ii) Mol straitéis chuí don fheirmeoir i bhfianaise an iarmhéid ghlain i ngach ráithe.

**(c)** Tá an feirmeoir ag smaoineamh ar aonad breise saothair a fhostú ar an bhfeirm ar chostas breise €3,000 sa ráithe. Cén chomhairle a chuirfeá ar an bhfeirmeoir? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

**[50 marc]**

Leathanach Bán

Leathanach Bán